CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2323 ÓN gCOIMISIÚN

an 22 Samhain 2022

maidir leis an iarraidh ar chlárú an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal "Lá Eorpach 'Pé Gníomh is Gá'", de bhun Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(2) agus (3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 27 Iúil 2022 cuireadh iarraidh ar chlárú an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal "Lá Eorpach "Pé Gníomh is Gá'" faoi bhráid an Choimisiúin.

(2) Is é cuspóir an tionscnaimh, mar atá curtha in iúl ag na heagraithe, "achainí a dhéanamh ar an gCoimisiún Eorpach gnás a dhéanamh den Lá Eorpach 'Pé Gníomh is Gá' — an 26 Iúil 2012, chun an ghaois institiúideach agus an inniúlacht cheannródaíoch a léirigh na hInstitiúidí Eorpacha le linn an Mhórchúlaithe Eacnamaíoch a chomóradh. Tréimhse spreagúil maidir le hathléimneacht fheidhmiúil an Aontais agus leis na bunchumas atá ag teastáil ó institiúidí, ó náisiúin agus ó phobail chun an dul chun cinn a bhrú ar aghaidh agus iad ag bainistiú géarchéimeanna iomadúla".

(3) Tá iarscríbhinn ann, chomh maith le doiciméad breise dar teideal "Forógra 'Pé Gníomh is Gá'", ina dtugtar tuilleadh sonraí maidir le hábhar, cuspóirí agus cúlra an tionscnaimh, trí na cúiseanna atá ann le tacú leis an tionscnamh a leagan amach agus a shonrú. Is é is aidhm don tionscnamh "Lá 'Pé Gníomh is Gá'" a cheiliúradh mar "ghníomh siombalach uile-Eorpachais", mar thagairt don ráiteas a rinne iar-Uachtarán an Bhainc Ceannais Eorpaigh Mario Draghi an 26 Iúil 2012, ráiteas a d'fhág lorg, dar leis na heagraithe, ar stair an limistéir euro agus ar an gcomhtháthú eacnamaíoch sa chaoi gur thug sé sampla cuimsitheach den cheannaireacht nua-aimseartha, sin agus fís spreagúil. In éineacht lena dtogra tugann siad "trí phríomhtheachtaireacht" chun tacú lena n-achainí ar "lá 'Pé Gníomh is Gá'": "(a) ceann de na hiarrachtaí ba thábhachtaí chun an euro a tharrtháil a ghreanadh i gcloch, chun an ghaois institiúideach agus an athléimneacht a léirigh an tAontas le linn an Mhórchúlaithe Eacnamaíoch a aithint, Mórchúlú a bhagair ar an limistéar euro agus geilleagair náisiúnta go mór; (b) glórtha an Aontais a thabhairt le chéile agus ceiliúradh a dhéanamh ar luachanna Eorpacha an daonlathais, na héagsúlachta cultúrtha, na síochána agus na gceart daonna, tráth a bhfuil an dímheas ag teacht go réidh le daoine, agus a bhfuil borradh faoin antoisceachas sóisialta, faoin eoraisceipteachas agus faoin bpobalachas ar fud na hEorpa; (c) léargas a thabhairt ar an gcumhacht oiriúnaitheach agus ar na hinniúlachtaí réitithe géarchéime atá ag teastáil ó na hinstitiúidí Eorpacha chun an dul chun cinn a bhrú ar aghaidh agus aghaidh a thabhairt ar a bhfuil i ndán dóibh."

(4) An 26 Lúnasa 2022, de bhun Airteagal 6(4) de Rialachán (AE) 2019/788, chuir an Coimisiún an grúpa eagraithe ar an eolas faoina mheasúnú gur comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 6(3), an chéad fhomhír, pointí (a), (d) agus (e), den Rialachán sin agus nach raibh an ceanglas a leagtar síos in Airteagal 6(3), pointe (b), infheidhme. Ina theannta sin chuir an Coimisiún in iúl gur fhág téacs an tionscnaimh mar a ceapadh é in iarraidh an 27 Iúil 2022 nach raibh an Coimisiún in ann teacht ar an gconclúid gur chomhlíon an tionscnamh an ceanglas a leagtar amach in Airteagal 6(3), an chéad fhomhír, pointe (c) de Rialachán (AE) 2019/788 agus d'iarr sé ar na heagraithe cuspóirí sonracha "Lá Eorpach 'Pé Gníomh is Gá'" a shoiléiriú, iad sin agus na bearta coincréiteacha dlíthiúla a iarradh ar an gCoimisiún a mholadh.

(5) Thug na heagraithe fógra don Choimisiún an 26 Deireadh Fómhair 2022 faoina gcinneadh seasamh lena n-iarraidh ar chlárú de bhun Airteagal 6(4) de Rialachán (AE) 2019/788, gan tuilleadh soiléirithe a sholáthar faoi raon feidhme a dtionscnaimh agus na bearta coincréiteacha dlíthiúla atáthar ag iarraidh ar an gCoimisiún a mholadh.

(6) Dá bhrí sin níl sé soiléir fós an é atá i gceist le gnás a dhéanamh den lá "Pé Gníomh is Gá" imeacht a bhaineann go sonrach le beartas eacnamaíoch agus airgeadais an Aontais, nó imeacht arb é is aidhm dó an cumas atá ag institiúidí an Aontais ina n-iomláine aghaidh a thabhairt ar dhúshláin go ginearálta a chomóradh, nó an dá rud.

([1]) IO L 130, 17.5.2019, lch. 55.

(7) Níl aon fhoráil uathrialach sna Conarthaí lena ndéantar foráil maidir le laethanta nó blianta comórtha a bhunú. I roinnt cásanna, bunaíodh "laethanta" nó "blianta" comórtha Eorpacha speisialta go foirmiúil le gníomhartha dlí a glacadh ar bhonn forálacha substainteacha sna Conarthaí a bhaineann le hábhar na n-imeachtaí comórtha speisialta ([2]).

(8) Sa mhéid go ndealraíonn sé gurb é cuspóir an tionscnaimh, go bunúsach, gnás a dhéanamh de Lá Eorpach "Pé Gníomh is Gá" chun neart an Aontais in aghaidh dúshláin eacnamaíocha agus airgeadais a cheiliúradh, ní féidir leis an gCoimisiún bunús dlí iomchuí a shainaithint i dTeideal VIII CFAE maidir leis an mbeartas eacnamaíoch agus airgeadais lena bhféadfadh an Coimisiún togra a thíolacadh le haghaidh gníomh dlí lena mbunófaí "lá" comórtha Eorpach speisialta den sórt sin amháin.

(9) Mar sin féin, tá sraith gnéithe cothrománacha sa tuairisc ó na heagraithe ar an tionscnamh, gnéithe a léiríonn go bhfuil raon feidhme níos ginearálta ag an tionscnamh, nach ndíríonn sé ar réimsí sonracha beartais, agus nach bhfuil i gceist leis ach comóradh. Go deimhin i measc phríomhtheachtaireachtaí an tionscnaimh tá "glórtha an Aontais a thabhairt le chéile agus ceiliúradh a dhéanamh ar luachanna Eorpacha an daonlathais, na héagsúlachta cultúrtha, na síochána agus na gceart daonna", luachanna a fhreagraíonn i bpáirt do bhunluachanna an Aontais a léirítear in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus a fhreagraíonn i bpáirt do chuspóirí ginearálta an Aontais a leagtar síos in Airteagal 3 CAE.

(10) Ní thugann Airteagail 2 agus 3 CAE ná Airteagal 17 CAE, airteagail a ndéanann na heagraithe tagairt dóibh ina n-iarraidh ar chlárú, na cumhachtaí coincréiteacha is gá don Choimisiún chun togra le haghaidh gníomh dlí de chuid an Aontais a thíolacadh, agus dá bhrí sin ní féidir iad a úsáid mar bhunús dlí do thogra le haghaidh gníomh dlí de chuid an Aontais a mbeadh sé d'aidhm aige cuspóirí an tionscnaimh a shaothrú. Mar sin féin, gníomhaíochtaí lena dírítear ar fheasacht ar an Aontas Eorpach agus ar a luachanna a scaipeadh agus ar chumarsáid a dhéanamh lena shaoránaigh go ginearálta, glacadh gníomhaíochtaí den sórt sin ar bhonn Airteagal 352 CFAE ([3]).

(11) De bhrí go ndealraíonn sé go bhfuil sé d'aidhm ag cuspóirí an tionscnaimh cur leis an urraim atá ann do roinnt luachanna de chuid an Aontais agus na luachanna sin a chur chun cinn agus go ndealraíonn sé go ndíríonn siad ar chuspóirí a fhreagraíonn do chuspóirí an Aontais a leagtar síos in Airteagal 3 CAE, agus ós rud é nach ndealraíonn sé bhfuil sé d'aidhm ag an tionscnamh reachtaíocht a thabhairt isteach nó a mhodhnú in aon réimse beartais sonrach a shainmhínítear sna Conarthaí, is é an chonclúid, chun a chinneadh ar comhlíonadh na coinníollacha foirmiúla maidir le clárú ar a laghad, nach bhfuil sé soiléir nach mbeidh an Coimisiún in ann togra a dhéanamh le haghaidh gníomh dlí lena mbunófaí lá comórtha chun cuspóirí na gConarthaí a shaothrú ar bhonn Airteagal 352 CFAE. Leis an bhforáil sin is féidir leis an gCoimisiún togra a chur faoi bhráid na Comhairle le haghaidh beart is gá chun ceann de na cuspóirí a leagtar amach sna Conarthaí a bhaint amach, más rud é nach dtugtar na cumhachtaí is gá sna Conarthaí.

(12) Ar na cúiseanna sin, níl aon chuid den tionscnamh lasmuigh, go follasach, de chreat chumhachtaí an Choimisiúin ó thaobh togra le haghaidh gníomh dlí de chuid an Aontais a thíolacadh chun na Conarthaí a chur chun feidhme.

(13) Is conclúid é sin atá gan dochar don mheasúnú ar cé acu a chomhlíonfaí nó nach gcomhlíonfaí, sa chás seo, na coinníollacha coincréiteacha substainteacha is gá chun go ngníomhódh an Coimisiún, coinníollacha lena n-áirítear comhlíonadh phrionsabail na comhréireachta agus na coimhdeachta, sin agus comhoiriúnacht le cearta bunúsacha.

(14) Tá fianaise iomchuí curtha ar fáil ag an lucht eagair go gcomhlíonann siad na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 5(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2019/788 agus gur i gcomhréir le hAirteagal 5(3), an chéad fhomhír, den Rialachán sin atá na teagmhálaithe ainmnithe aige.

(15) Ní tionscnamh é ar follas é a bheith míchuí, suaibhreosach ná cráiteach, ná ní follas go bhfuil sé contrártha do luachanna an Aontais arna leagan amach in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach ná do na cearta a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

([2]) Féach mar shampla Cinneadh Uimh. 940/2011/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2011 maidir leis an mBliain Eorpach um Aosú Gníomhach agus um Dhlúthpháirtíocht idir na Glúine (2012) (IO L 246, 23.9.2011, lch. 5) bunaithe ar Airteagal 153(2) CFAE agus Cinneadh (AE) 2021/2316 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Nollaig 2021 maidir le Bliain Eorpach na hÓige (2022) (IO L 462, 28.12.2021, lch. 1), bunaithe ar Airteagal 165(2) CFAE.

([3]) Féach mar shampla Rialachán (AE) Uimh. 390/2014 ón gComhairle an 14 Aibreán 2014 lena mbunaítear an "clár um an Eoraip ar son na Saoránach" don tréimhse 2014-2020 (IO L 115, 17.4.2014, lch. 3).

(16) Dá bhrí sin, ba cheart an tionscnamh dar teideal "Lá Eorpach 'Pé Gníomh is Gá'" a chlárú.

(17) An chonclúid go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le clárú faoi Airteagal 6(3) de Rialachán (AE) 2019/788, ní rud í a thugann le tuiscint go ndearbhaíonn an Coimisiún ar bhealach ar bith go bhfuil ábhar an tionscnaimh cruinn fíorasach, agus is é lucht eagair an tionscnaimh amháin atá freagrach as an méid sin. Ní chuireann ábhar an tionscnaimh ach tuairimí an luchta eagair in iúl, agus ní féidir a dhéanamh amach ar aon bhealach gurb iad tuairimí an Choimisiúin a léiríonn sé,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Clárófar an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh dar teideal "Lá Eorpach 'Pé Gníomh is Gá'".

Airteagal 2

Tá an cinneadh seo dírithe chuig lucht eagair an tionscnaimh dar teideal "Lá Eorpach 'Pé Gníomh is Gá'", grúpa a bhfuil Mr Rui Pedro GONÇALVES DUARTE agus Mr David Jorge FERREIRA DA SILVA ag gníomhú mar theagmhálaithe thar a cheann.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 22 Samhain 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
Věra JOUROVÁ
Leas-Uachtarán